Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2022
(OR. en)

14120/22

LIMITE

CORLX 1006
CFSP/PESC 1444
CONOP 116
CODUN 52
CONUN 258
COLAC 60

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH (CBES) ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2108 a thacaíonn le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú i Meiriceá Laidineach i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus na modhanna lena seachadtar iad |

**CINNEADH (CBES) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2108 a thacaíonn le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú i Meiriceá Laidineach i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus na modhanna lena seachadtar iad**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2108[1] lena bhforáiltear do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin le haghaidh na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de.

(2) Tiocfaidh deireadh le tréimhse chur chun feidhme an chomhaontaithe an 20 Nollaig 2022.

(3) An 12 Meán Fómhair 2022, d'iarr Rúnaí Feidhmiúcháin an Choiste Idir-Mheiriceánaigh i gcoinne Sceimhlitheoireachta de chuid Eagraíocht na Stát Meiriceánach (OAS/CICTE), atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/2108, síneadh gan chostas 14 mhí a chur le tréimhse chur chun feidhme an Chinnidh sin. Leis an síneadh seo, is féidir le OAS/CICTE roinnt de na tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh 2019/2108 a chur chun feidhme, tionscadail a raibh tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar a gcur chun feidhme.

(4) Níl aon impleacht maidir le hacmhainní airgeadais ag baint le síneadh a chur le tréimhse chur chun feidhme na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/2108 go dtí an 20 Feabhra 2024.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2019/2108 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2019/2108 ón gComhairle a thacaíonn le sábháilteacht agus slándáil bhitheolaíoch a neartú i Meiriceá Laidineach i gcomhréir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus na modhanna lena seachadtar iad (IO L 318, 10.12.2019, lch. 123).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2019/2108:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 20 Feabhra 2024.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC